# POLASAÍ maidir le hOBAIR BHAILE

**CLÁR**


1. **Réamhrá**
2. **Réasúnaíocht**
3. **Gaol le Sainmheon na Scoile**
4. **Aidhmeanna**
5. **Cleachtais Scoile maidir le hObair Bhaile**
    a. **Dáileadh Obair Bhaile**
    b. **Monatóireacht ar Obair Bhaile**
    c. **Obair Bhaile neamhchríochnaithe**
    d. **Pasanna Obair Bhaile**
    e. **Obair a chailltear**
    f. **Obair Bhaile Bhreise**
6. **Ábhar na hOibre Bhaile**
7. **Cleachtais le linn na géarchéime COVID-19**
8. **Idirdhealú**
9. **Amanna Molta don Obair Bhaile**
10. **Critéir Ráthúlachta**
11. **Róil agus Freagrachtaí**
12. **Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú**
13. **Faomhadh agus Cumarsáid**

**RÉAMHRÁ**

Cuireadh an polasaí seo le chéile ar dtús ag cruinniú foirne le linn Mhí na Nollag 2005 i gcomhar leis an bhfoireann iomlan agus faomhadh é ag cruinniú den Bhord Bainistíochta Mí Márta 2006. Rinneadh an chéad athbhreithniú ar an bpolasaí le linn na scoilbhliana 2009-2010 agus athbhreithniú eile le linn na scoilbhliana 2013-2014. Cuireadh and réacht seo le chéile i Mí na Nollag 2018 taréis cumarsáid le Coiste na dTuismitheoirí, an fhoireann teagaisc agus an Bord Bainistíochta.

Rinneadh athruithe don chóras obair bhaile don scoilbhliain 2020-21 de bharr na géarcheime COVID-19.

**RÉASÚNAÍOCHT**

Cuireadh an polasaí seo le chéile chun:

- Leanúnachas sa chur chuige a chinntiú ar fud na scoile
- Cumarsáid dhearfach a chothú idir an baile agus an scoil agus chun go mbeadh baint lárnach ag tuismitheoirí/caomhnóirí le foghlaim a bpaistí
- Chun an leas is fearr a bhaint as obair bhaile d'fhoghlaim na ndaltaí sa scoil againne.

Tugtar obair bhaile do dhaltaí ar iliomad cúiseanna. Ina measc siúd:

- Daingniú ar fhoghlaim na ndaltaí rith an lae scoile
- Nasc a chothú leis an mbaile
- Forbairt a dhéanamh ar scileanna dírithe na ndaltaí agus ar an ndúil oibre
- Deis a sholáthar do dhaltaí chun obair neamhspleách agus staidéar aonair a dhéanamh
- Aisbhothú a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhóirí agus don fhoireann teagaisc maidir le dul chun cinn na ndaltaí.

**GAOL LE SAINMHEON NA SCOILE**

Léiríonn ár bhfís go bhforbróidh gach dalta ag a luas fein agus de réir a c(h)umais. Tugann obair bhale deis don dalta obair go neamhspleách agus freagracht a ghlacadh as a c(h)uid foghlama féin. Mar sin, déanfar obair bhaile a chur in oiriúint do riachtanais aonair na ndaltaí.

**AIDHMEANNA**

Is mian linn na nithe seo a leanas a chur chun cinn leis an bpolasaí seo:

- Scileanna agus féin-smacht a forbairt a sheasfaidh le foghlaim na ndaltaí
- Daingniú a dhéanamh ar obair scoile – tugann obair bhaile deis dul siar agus cleachtadh
- Scileanna staidéir a fhorbairt agus cabhrú le gnáthamh oiriúnach a bhunú don obair bhaile

- Cur le leanúnachas maidir le hobair bhaile tríd an scoil
- Na daltaí a spreagadh le bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha agus chun dul siar agus daingniú a dhéanamh ar obair ranga nó an obair sin a chríochnú
- Naisc idir an scoil agus an baile a láidriú.

**CLEACHTAIS SCOILE MAIDIR LE hOBAIR BHAILE**

***Dáileadh Obair Bhaile***

- Tugtar obair bhaile do gach dalta atá in oiriúint dá (h)aois, rang-leibhéal agus cumas aonair
- De ghnáth, tugtar obair bhaile do Naíonáin Bheaga ó shos Samhna ar aghaidh
- Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta an obair bhaile sin de réir a c(h)umais
- Tugtar obair bhaile gach oíche, seachas De hAoine
- Beidh eisceachtaí eile ann ag am laethanta saoire, ócáidí speisialta scoile nó nuair a thuilleann rang pas obair bhaile.
- Tugtar bileog faoin obair bhaile do dhaltaí sna ranganna Naíonán. Ó Rang 1 ar aghaidh, breactar síos an obair bhaile sa Dialann Obair Bhaile.

***Monatóireacht ar Obair Bhaile***

- Iarr ar thuismitheoirí/chaomhnóirí deimhniú go bhfuil an obair bhaile críochnaithe ina hiomláine agus an bhileog nó an dialann a shíniú.
- Beidh a c(h)óras féin ag gach múinteoir ranga chun monatóireacht a dhéanamh ar an obair bhaile sa rang.
- Moltar iarracht na ndaltaí le greamáin, nótaí, srl. .

***Obair Bhaile Neamhchríochnaithe***

- Muna bhfuil an obair bhaile go leir críochnaithe ag an dalta, iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí é sin a chur i scríbhinn sa dialann nó nóta a chur chuig an múinteoir ranga.
- Má aithnítear nós gan obair bhaile a chríochnú ar bhonn rialta, rachaidh an múinteoir ranga i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis.
- Muna bhfuil an obair bhaile déanta ar chaoghdéna a ritheann le cumas an dalta, féadfaidh an múinteoir ranga iarradh ar an dalta an obair sin a athdhéanamh.

***Pasanna Obair Bhaile***

- Tugtar pasanna obair bhaile mar chuid de chóras molta na scoile
- Le pas obair bhaile, ní gá don dalta an obair bhaile SCRÍOFA a dhéanamh an oíche sin.
- Ba chóir do dhaltaí cead a lorg ón múinteoir ranga roimh phas a úsáid.

***Obair a chailltear***

- Má bhíonn dalta as láthair de bharr tinnis, de ghnáth, ní ghá dóibh an obair bhaile a chaill siad a dhéanamh.
- Ní thabharfar obair do dhaltaí a bheidh as lathair chun dul ar laethanta saoire nó a leitheid.

***Obair Bhaile breise***

- I gcomhar le Cód Iompair na Scoile, féadfaidh obair bhaile breise a thabhairt mar smachtbhanna.
- Muna ndéantar obair bhaile i rith na seachtaine, féadfaidh iarraidh ar dhaltaí an obair a chríochnú ag an deireadh seachtaine.

**ÁBHAR NA hOIBRE BHAILE**

Go hiondúil, tabharfar meascán cothrom d'obair léitheoireachta, foghlama agus scríbhneoireachta. Tá comhthábhacht ag baint leis na codanna sin go leir d'fhoghlaim an dalta agus gabhann an tábhacht céanna le ham a chaitear ar léitheoireacht/foghlaim is leis an am a chaitear ar thasc scríbhneoireachta.

Féadfaidh cuid de na tascanna seo a leanas a bheith mar chuid rialta den obair bhaile:

| | | |
|---|---|---|
| Obair ar fhuaimeanna agus (Ranganna Naíonán) | Obair ó bhéal (m.sh. plé ar scéal, cluiche teanga) | Críochnú tasca a tosnaíodh ar scoil |
| Litriú (Gaeilge agus Béarla) | Ag bailiú earraí | Ullmhúchain do na Sacraimintí |
| Fíorais Uimhris/Táblaí (as Gaeilge) | Ag foghlaim nithe "de ghlanmheabhair" | Taighde agus obair do Thionscnamh |
| Léitheoireacht (Gaeilge agus Béarla) | Tarraingt/ Dathú | Tascanna Scríbhneoireachta |

**Tascanna Láitheoireachta**: Maidir leis an léitheoireacht, iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí éisteacht lena bpáistí ag léamh OS ARD agus plé a dhéanamh leis an bpáiste faoi ina dhiaidh. Féadfaid tascanna léitheoireachta a bheith ó leabhar leitheoireachta ranga, ó úrscéal ranga nó ó Oxford Reading Tree ag leibhéal oiriúnach don dalta.

**Tascanna Foghlama:** Ba choir litriú agus fíorasi uimhris (táblaí) a chleachtadh leis an dalta gach oíche, focail dheacra ach go háirithe. Déanfar na táblaí *as* Gaeilge i gcónaí. Má bhíonn deacracht ag dalta le fíorais a chur de ghlanmheabhair, is cóir teagmhail a dhéanamh leis an múinteoir ranga chun straistéisí eile a phlé.

**CLEACHTAIS LE LINN NA GÉARCHÉIME COVID-19 (scoilbhliain 2020-21)**

Theastaigh uainn an deis traschur ó leabhair ón mbaile/ón scoil a laghdú agus cuireadh socruithe éagsúla i bhfeidhm ar fud na scoile. Déanfar athbhreithniú ar na socruithe seo ar bhonn leanúnach i rith na bliana ag cruinnithe foirne.

*Deasghnátha a ghabann leis an obair bhaile*

- Tugtar obair bhaile don tseachtain don rang Dé Luain ar scoil agus scríobhtar sa dialann obair bhaile í.
- Beidh 2 chóipleabhair obair bhaile ag na páistí agus úsáidtear iad gach ré seachtain.

- Déantar gníomhaíochtaí as *Read at Home* agus *Léigh sa Bhaile* a bhabhtáil gach ré seachtain
- Déanann na páistí an obair bhaile cuí i rith na seachtaine sa bhaile ach ní thugtar na leabhair ar scoil i rith na seachtaine.
- Gach Aoine bailítear na leabhair chuí agus na cóipleabhair de réir grúpa (neide) agus ceartaítear an obair ag an múinteoir.

**Ábhar na hOibre Bhaile**

| | |
|---|---|
| **NAÍONÁIN** | ● Ní bheidh obair bhaile ag NB go dtí taréis sos Samhna<br>● NM: Fillteán don tseachtain le dul abhaile Dé Luain: Mata, scríbhneoreacht & obair fónaice |
| **RANG 1** | ● Litriú & spellings – abairtí le scríobh sna cóipleabhair<br>● Táblaí – gníomhaíochtaí as *Seaimpín na dTáblaí*<br>● Léitheoireacht – *Oxford Reading Tree*<br>● *Read at Home* – gníomhaíochtaí tuisceana, freagraí le scríobh sna cóipleabhair |
| **RANG 2 - 6** | ● Litriú & spellings le foghlaim<br>● Táblaí – gníomhaíochtaí as *Seaimpín na dTáblaí*<br>● Léitheoireacht – *Oxford Reading Tree*<br>● *Read at Home* nó *Léigh sa Bhaile* – gníomhaíochtaí tuisceana, freagraí le scríobh sna cóipleabhair |

**IDIRDHEALÚ agus OBAIR BHAILE**

Déanaimid gach iarracht obair chuí a thabhairt don obair bhaile atá laistigh de réimse cumais na ndaltaí agus a dhéanann freastal ar riachtanais aonair. Féadfaidh tascanna obair bhaile a bheith idirdhealaithe ar go leor bealaí. Féach na samplaí thíos.

- Liosta litrithe mionathruithe
- Clár litrithe éagsúil
- Tascanna scríbhneoireachta mionathruithe
- Bealaí éagsúla cur i láthair: tionscnamh a chur i lathair ó bheal in áit i scríbhinn, mar shampla
- Teicneolaíocht chabhrach a úsáid nuair is gá.

Déantar an t-idirdhealú cuí faoi stiúr an mhúinteora ranga i gcomhar leis an bhfoireann RSO chun an cur chuige is fearr a aimsiú don dalta. Déanfar gach iarracht ileirimí a thabhair san áireamh sgus obair bhaile á dáileadh.

**AMANNA MOLTA OBAIR BHAILE**

Seo a leanas moltaí maidir don am a chaitear ar obair bhaile. Déanfaidh daltaí éagsúla an obair chéanna a chríochnú laistigh d'amanna éagsúla agus caithfear seo a thógáil san

aireamh. Má tharlaíonn, áfach, go gcaitheann do pháiste níos mó ama ná mar a mholtar go rialta ar an obair bhaile nó má bhíonn deacrachtaí rialta acu leis an obair, is cóir labhairt leis an múinteoir ranga faoi.

Seo a leanas na hamanna molta don obair bhaile de reir ranga:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Naíonáin Bheaga** | 10 – 20 nóim | **Rang 3** | 30 – 40 nóim |
| **Naíonain Mhóra** | 15 – 25 nóim | **Rang 4** | 30 – 40 nóim |
| **Rang 1** | 20 – 30 nóim | **Rang 5** | 40 – 50 nóim |
| **Rang 2** | 25 – 35 nóim | **Rang 6** | 40 – 50 nóim |

**CRITÉIR RÁTHÚLACHTA**

Seo a leanas a léireoidh ráthúlacht an pholasaí seo:

- Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, dhaltaí agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí
- Obair bhaile sásúil déanta ag daltaí na scoile
- Cur chuige leanúnach do thascanna obair bhaile ar bhonn uil-scoile.

**RÓIL agus FREAGRACHTAÍ**

Baineann freagrachtaí eágsúla leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm:

- Freagracht as dáileadh cuí agus monatóireacht ar obair bhaile leis an múinteoir ranga
- Freagracht phearsanta leis na daltaí as obair bhaile a dhéanamh ag barr a gcumais
- Freagracht as cur i bhfeidhm an pholasaí ar bhonn uil-scoile le príomhoide na scoile
- Freagracht as monatóireacht ar an obair bhaile agus as cumarsáid leis an múinteoir ranga le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Freagracht as comhoibriú le múinteoirí rnaga maidir le hobair bhaile oiriúnach do dhaltaí le RSO leis an bhfoireann RSO sa scoil.

**CUR I BHFEIDHM agus ATHBHREITHNIÚ**

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2019. Déanfar athbhreithniú nuair is gá ach ní níos déanaí ná an scoilbhliain 2022 – 2023.

**FAOMHADH agus CUMARSÁID**

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid na Bhoird Bainistíochta ar 21 Meán Fómhair 2020 agus rinneadh faomhadh air. Cuireadh ar fáil do phobal na scoile ansin é ar an suíomh idirlín scoile.

**SÍNITHE**

Treasa Uí Néill
_________________________
Treasa Uí Néill
*Cathaoirleach.*

Sorcha Ní Mhistéil
_________________________
Sorcha Ní Mhistéil,
*Príomhoide.*